# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



## Measúnú sa bhunscoil...

### agus cuir chuige seomra ranga do mhúinteoirí iar-bhunscoile

leathanach 10

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | EANÁIR 2008 | Eagrán 8

**an t-eagrán seo** / CNCM: 20 bliain ag fás / Éagsúlacht agus cuimsitheacht / Taighde ar an tsraith shóisearach / TFC: an plean 'dofheicthe' / Oideachas idirchultúrtha / Athbhreithniú na sraithe sinsearaí **agus i bhfad níos mó...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

## chuig deireadh an dara deich mbliana.

**Ba lá iontach é an 8 Nollaig 1987! Ar an taobh seo den Atlantach, bhí na meáin chumarsáide tógtha le forbairtí in achomharc an Sheisir Birmingham. Ar an taobh eile de, bhuail Reagan agus Gorbachev le chéile, sa chéad chruinniú idir ceannaithe APSS agus SAM ar chríoch na SA le cúig bliana déag anuas. Agus bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ba bhreá linn a chreideamh gur bhain na trí scéal nuachta sin le heachtraí tábhachtacha, cé go raibh siad tábhachtach ar chúiseanna éagsúla!**

Is eagrán speisialta dár mbreithlá é an **info@ncca** seo. Ní féidir linn bronntanas saor in aisce a thabhairt duit, ach chuimsíomar a lán idéanna ar féidir leat iad a úsáid sa rang, ar ábhair cosúil le measúnú, idirchultúrachas agus TFC. Féadann an lucht níos cumhaí léamh faoi conas a thosaigh ár scéal, agus faoin gcéad tionscadal mór a rinne an CNCM, scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Nuair a fógraíodh é i 1987, labhair na meáin chumarsáide faoin 'tsaoirse nua' a bheadh ag múinteoirí agus scoileanna a gcláir féin a fhorbairt faoi cheannteidil siollabais ghinearálta, agus faoi na deiseanna breise a bheadh ag daltaí rath a bhaint amach dóibh féin mar thoradh ar an measúnú scoilbhunaithe molta. Céard a tharla d'ardmhianta an scrúdaithe nua sin? Léigh faoin taighde á dhéanamh ag an ESRI faoi eispéiris daltaí sna trí bliana den tsraith shóisearach chun é sin a fháil amach.

In 2008, tá súil againn go mbeidh deis agaibh páirt a ghlacadh inár gceiliúradh 21 bhliain. Beimid ag teacht chuig ionad oideachais gar duit chun féachaint ar fhorbairt reatha agus sa todhchaí i gcuraclam agus i measúnú. Trí dhul ar líne, beidh a lán deiseanna agat do dhearcadh a roinnt faoi na dréacht-siollabais atá le bheith eisithe in 2008. Agus tá súil againn comhdháil faoi na saincheisteanna móra i gcuraclam agus i measúnú a reáchtáil is muid ag socrú don chéad 21 bhliain eile. Beidh deis ann páirt 'fhíorúil' a ghlacadh sa chomhdháil sin freisin, ionas go mbeidh an díospóireacht is leithne is féidir againn. Coinnigh súil ar **www.ncca.ie** le haghaidh na n-imeachtaí is déanaí, agus le haghaidh deiseanna páirt a ghlacadh i mbliain iontach eile.


Anne Looney
An Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta




# Céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonraí | 4 |
| CNCM: 20 bliain ag fás | 5 |
| Éagsúlacht agus cuimsitheacht | 8 |
| Measúnú sa bhunscoil | 10 |
| TFC: an plean 'dofheicthe' | 14 |
| Oideachas idirchultúrtha: tá feidhm ag gach múinteoir | 17 |
| An tsraith shóisearach: an bhfuil ag éirí léi? | 20 |
| Athbhreithniú na sraithe sinsearaí ar an ngréasán | 22 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim.....


Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Faigheann múinteoirí i ngach bunscoil agus gach iar-bhunscoil sa tír cóip den nuachtlitir. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie**. Má tá cóipeanna breise de **info@ncca.ie** de dhíth ó do scoilse, cuir iarratas chugainn le ríomhphost nó sa phost.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

R-phost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh poist: **Eagarthóir, info@ncca.ie**
**An Chomhairle Náisiúnta**
**Curaclaim agus Measúnachta**
**24 Cearnóg Muirfean**
**Baile Átha Cliath 2**

# nuashonraí

Tuairiscí ar dhul chun cinn agus tionscnaimh nua

## Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) ar ACTION

Sa nuashonrú deireanach d'insíomar roinnt daoibh faoi na hacmhainní ilmheán a bhailíomar i scoileanna chun tacú lenár ndréacht-treoirlínte do mhúinteoirí príomhshrutha faoi *Béarla mar Theanga Bhreise i mBunscoileanna na hÉireann.* Tá na hacmhainní sin ar fáil ar láithreán gréasáin ACTION, **http://action.ncca.ie**. Ó mhí Mheán Fómhair tá níos mó físeán agus grianghraf curtha ar an láithreán againn, le cois samplaí d'obair daltaí agus múinteoirí. Ná déan dearmad cuairt a thabhairt ar an láithreán chun féachaint ar na hábhair nua sin, agus ábhair eile!

## Bileoga faisnéise don tsraith shóisearach

An bhfuil bealach so-thuigthe do dhaltaí ag teastáil uait chun a mhíniú céard atá i gceist le d'ábhar? Tá sraith bileog faisnéise ar ábhair na sraithe sóisearaí táirgthe ag an CNCM. Déanann gach bileog faisnéise cur síos ar céard a fhoghlaimeoidh dalta agus conas a fhoghlaimeoidh sé nó sí é, sna hábhair éagsúla. Tá faisnéis ar fáil sna bileoga faisnéise freisin faoi dheiseanna foghlama lasmuigh den seomra ranga, faoi naisc leis na hábhair sa bhunscoil, agus faoin gcinéal scrúdaithe atá i gceist sa Teastas Sóisearach. Tá dhá bhileog faisnéise dhéag ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM agus scaipfear cóipeanna crua go luath in 2008.

## Dhá thionscadal taighde is fiú aird a thabhairt orthu

Choimisiúnaigh an CNCM dhá thionscadal taighde ag leibhéal na bunscoile le linn na scoilbhliana reatha. Nuair a thabharfar chun críche iad, cuirfear an dá thuarascáil taighde ar láithreán gréasáin na CNCM.

## Taighde faoi thuairisciú do thuismitheoirí i mbunscoileanna

Tá an taighde seo á dhéanamh ag foireann i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, faoi stiúir an Ollaimh Kathy Hall. Is é cuspóir an taighde a fháil amach *conas a thuairiscíonn scoileanna foghlaim páistí do thuismitheoirí.* Díreoidh se ar bheartas agus cleachtas scoile i ndáil le tuairisciú, lena n-áirítear úsáid cártaí tuairisce agus cruinnithe. Déanfaidh an taighde cur síos ar thuairisciú i sampla 400 scoil agus laistigh de líon beag scoileanna is cás-staidéir iad. Cuimseoidh sé dearcadh agus tuairimí na foirne teagaisc agus na bpríomhoidí, tuismitheoirí agus páistí maidir le cleachtais tuairiscithe éagsúla agus cé chomh héifeachtúil is atá siad.

Tabharfar an taighde seo chun críche go luath in 2008 agus beidh sé ríthábhachtach don CNCM chun comhairle a fhorbairt don Aire faoi leas a bhaint as Teimpléid Chártaí Tuairisce (RCTanna) i mbunscoileanna.

## Taighde ar eolaíocht i mbunscoileanna

Tá an taighde seo ar siúl faoi láthair chun tacú le Céim 2 d'Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile (Gaeilge, eolaíocht, OSPS). Tá dhá chéim i gceist leis an taighde seo. Cuireann **Céim 1** an cheist, *cén dearcadh atá ag páistí sa bhunscoil faoin eolaíocht?* Díreoidh an taighde ar eispéiris páistí san eolaíocht ag gach ceann de na ceithre leibhéal ranga sa bhunscoil trí cheistneoirí, trí agallaimh ghrúpa agus trí bhreathnóireacht ar sheomraí ranga a dhéanamh. Tabharfar Céim 1 chun críche i mí na Bealtaine 2008. Cuireann **Céim 2** an cheist, *cén tionchar atá ag foghlaim na heolaíochta sa bhunscoil ar fhoghlaim na heolaíochta sa chéad bhliain den iar-bhunscoil.* Tá sé beartaithe é a thabhairt chun críche i mí Mheán Fómhair 2008. Tá an Dochtúir Janet Varley i gceannas ar an bhfoireann taighde i gColáiste Naomh Pádraig, Droim Conrach.

## Céard atá ag tarlú sa tsraith shinsearach?

Má theastaíonn uait níos mó a fhoghlaim faoi fhorbairtí sa tsraith shinsearach, féach ar *Senior Cycle: Moving Forward,* a seoladh chuig scoileanna an téarma seo caite. Tugann an bunrán forbhreathnú ar an obair reatha uile, agus cuireann sé ar an eolas thú faoi chomhchomhairlí agus forbairtí atá le teacht, a d'fhéadfadh suim a bheith agatsa, nó ag do scoilse, páirt a ghlacadh ann. Gan amhras, is féidir é a íoslódáil ón láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie/seniorcycle.**

## DVD do thuismitheoirí ar fáil ar líne

D'eisigh an CNCM an DVD do thuismitheoirí *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth agus Conas?* i mí an Mhárta 2006 agus scaipeadh ar thuismitheoirí na bpáistí bunscoile uile é trí mheán scoil a bpáiste/ bpáistí. Chun rochtain múinteoirí agus tuismitheoirí air a fheabhsú, d'fhoilsigh an CNCM inneachar an DVD ar líne, agus tá sé ar fáil ó leathanach baile na CNCM, **www.ncca.ie.** Foilsíodh an t-inneachar i gcúig theanga: Béarla, Gaeilge, Fraincis, Liotuáinis agus Polainnis. Tá fotheidil Bhéarla ar na leaganacha uile.

Agus anois, ba bhreá linn cloisteáil uait! Bí ag faire amach don fhoirm aiseolais ar líne don DVD a bheidh ar ár láithreán gréasáin i gceann cúpla seachtaine, agus cuir do chuid tuairimí in iúl dúinn. Tar éis dúinn aiseolas a fháil uaibh, féachfaimid ar an acmhainn atá ann an teicneolaíocht físeán 'flash' seo a úsáid i dtionscadail eile.

## Oideachas idirchultúrtha san iar-bhunscoil

**An bhfuair tú cóip de na treoirlínte?**

Tá *Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil,* treoirlínte do mhúinteoirí agus do bhainistíocht iar-bhunscoileanna, foilsithe anois. Seoladh cóipeanna priontáilte agus dlúthdhiosca chuig na scoileanna uile i mí Dheireadh Fómhair – cóip do gach múinteoir san áireamh. Mura bhfuair tú do chóip fós, labhair le do phríomhoide, le do thoil, mar is féidir leis nó léi cóip nua a ordú trí ríomhphost a chur chuig **newsletter@ncca.ie.**

Gheobhaidh tá a lán faisnéise úsáidí sna treoirlínte – mar shampla, faisnéis chúlra faoi chiníochas agus idirchultúrachas, agus moltaí praiticiúla faoi conas oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú le do ranganna laethúla. Gheobhaidh tú roinnt cabhrach praiticiúla freisin, cosúil le conas téacsanna idirchultúrtha a roghnú, conas fáilte a chur roimh dhaltaí nua agus idéanna do ghníomhaíochtaí ranga.

## Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile

Tá go leor oibre déanta cheana féin maidir le hanailísiú na sonraí don dara chéim den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile. Fuair an CNCM aiseolas thar a bheith dearfach faoi na Teimpléid Athbhreithnithe agus Athmhachnaimh do Mhúinteoirí. Tá 1380 teimpléad comhlánaithe do mhúinteoirí, le cois agallaimh chás-staidéir le príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí in 8 scoil san áireamh sa tacar sonraí. Tá an t-athbhreithniú seo bunaithe ar thrí ábhar: Gaeilge, eolaíocht agus OSPS. Tabharfar an tuarascáil dheireanach faoin dara céim den athbhreithniú chun críche go luath in 2008, agus cuirfear ar láithreán gréasáin an CNCM í.

# CNCM: 20 bliain ag fás

## Ba í sin an bhliain...

I 1987 bhí lucht saibhir na teicneolaíochta ag féachaint ar *The Untouchables* ar chórais fístéipe bhaile Betamax, gan stró orthu go raibh an margadh tar éis athrú chuig formáid VHS. Diaidh ar ndiaidh, bhí ríomhairí Amstrad, BBC Master agus Commodore á gcur ar fáil in ionaid ghnó, agus níos maille fós, bhí siad á soláthar i mbailte agus i scoileanna. De réir na sobalchlár Dynasty agus Dallas, ba ionann ardfhaisean na mban agus feistiú ceannasach agus pillíní gualainne. Bhí na New Romantics, agus Adam Ant ag a gcroílár, ag dul i ngleic le hainrialtacht phunc. D'eisigh U2 The Joshua Tree, an t-albam is tapúla a díoladh riamh i stair chairt ceoil na Ríochta Aontaithe. Bhí an chéad Chorn Domhanda Rugbaí ar siúl sa Nua-Shéalainn agus san Astráil, agus, faoi stiúir Jack Charlton, d'éirigh le foireann Sacair na hÉireann áit a bhaint amach i gcomórtas Euro 88. Bhuaigh Cill Chainnigh Craobhchomórtas Camógaíochta Sinsearaí na hÉireann, agus ba é Johnny Logan an chéad duine riamh a bhuaigh an Comórtas Eoraifíse faoi dhó.

Go luath i 1987, thogh toghthóirí na hÉireann Rialtas mionlach Fhianna Fáil. I ndiaidh buiséid dian, caibidlíodh an chéad chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, an Clár um Aisghabháil Náisiúnta, idir an rialtas, ceardchumainn, fostóirí, eagraíochtaí talmhaíochta agus tionsclaithe. D'fhormhuinigh vótálaithe na hÉireann an Ionstraim Eorpach Aonair i mí na Bealtaine. Ag a gcomhdhálacha um Cháisc, phléigh múinteoirí leibhéil foirne agus méideanna ranganna, tuarastail, go háirithe an leibhéal íseal pá a bhíodh ionadaithe ag fáil, postroinnt, sosanna gairme, cistiú do scoileanna, agus cónascadh féideartha na dtrí cheardchumann múinteoirí.

*Ní mór a chinntiú go mbeidh tionchar níos mó ag fíricí agus réaltacht ar fhorbairt ár mbeartais teanga ná mar a bheidh ag mothúcháin.*

**An Dr. Edward Walsh, Cathaoirleach, CNCM, 8 Nollaig, 1987**

## Seoladh na CNCM


**Do dhaoine a raibh baint acu leis an oideachas, ba bhliain ríthábhachtach í 1987 mar ansin a sheol Mary O' Rourke, an tAire Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le bheith curtha in ionad an Bhoird Curaclaim agus Scrúduithe (CEB) eatramhaigh, a bunaíodh i 1984. Bheadh an Chomhairle freagrach go díreach don Aire agus thabharfadh sí comhairle faoi churaclam agus faoi mheasúnacht sa bhunscoil agus san oideachas dara leibhéal. Mar sin féin, bheadh Cigireacht na Roinne Oideachais freagrach as scrúduithe poiblí fós.**

## Struchtúr

Bhí an Dr. Edward Walsh, Uachtarán an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach, ina chathaoirleach den CEB, bhí an tSiúr Eileen Doyle ina leas-chathaoirleach de agus bhí Albert Ó Ceallaigh ina Phríomhfheidhmeannach de. Bheadh na feidhmeanna céanna acu uile sa CNCM nua chun leanúnachas a chinntiú. Cheap an tAire Oideachais an cathaoirleach agus an leas-chathaoirleach go díreach. Bhí dhá ionadaí ón Roinn Oideachais agus cheap an tAire baill eile i ndiaidh dóibh a bheith ainmnithe ag eagraíochtaí ionadaíochta, lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile, Cónaidhm Thionscail na hÉireann agus Comhchoiste na mBainisteoirí.

Cé nár aontaigh ceardchumainn na múinteoirí, ASTI, INTO agus TUI leis an leibhéal molta d'ionadaíocht mhúinteoirí ar an gComhairle ar dtús, réitíodh na fadhbanna sin ar deireadh, agus ghlac siad lena suíocháin ar an CNCM, a raibh téarma oifige trí bliana aici.

Le cois sin, leag an tAire Oideachais síos comhdhéanamh na gcoistí cúrsa ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí. Bheadh ballraíocht de na coistí sin ar bhonn ionadaíoch freisin. Bheadh sé de chúram ar na coistí siollabais a dhearadh, cuspóirí measúnaithe a shainmhíniú, comhairle a thabhairt faoi mhodhanna measúnaithe cuí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin bainte amach i scrúduithe poiblí. Bheadh oifigigh oideachais ag oibriú leo, agus dúradh faoi na hoifigigh sin go raibh



siad 'beagnach treascrach' toisc a dtiomantas don athrú! Tógadh na hoifigigh ar iasacht óna scoileanna ar bhonn páirtaimseartha.

Ag an tús, ní raibh sa choiste feidhmiúcháin buan ach an tUasal Ó Ceallaigh agus Gary Granville, Leas-Phríomhfheidhmeannach (is Ceann na Dáimhe Oideachais sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha é anois) le foireann riaracháin bheag.

## An Mheánteistiméireacht a bhí ann roimhe sin...

Agus í ag seoladh an CNCM, d'iarr an tAire uirthi plean a dhéanamh chun an Teastas Sóisearach a thabhairt isteach – córas nua measúnachta agus deimhnithe a bheadh curtha in ionad Teastais na nGairmchúrsaí Lae (an Teastas Grúpa) agus na Meánteistiméireachta ag deireadh na Sraithe Sóisearaí in oideachas dara leibhéal. Bhí sé beartaithe go gcuimseodh an Teastas Sóisearach siollabais nua leasaithe a bheadh ábhartha do dhaltaí agus a mbeadh suim acu iontu, agus go gcuirfí ar fáil ar dhá leibhéal é chun freastal ar inniúlacht éagsúil. Le cois sin, bheadh sé indéanta athruithe áitiúla a dhéanamh laistigh de na siollabais náisiúnta. Go gairid ina dhiaidh sin, reáchtálfaí seisiúin faisnéise ar fud na tíre chun cur ar chumas na CNCM faisnéis faoi na hathruithe molta a sholáthar do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Sheol Mary O'Rourke, an tAire Oideachais, an Teastas Sóisearach i 1988. Ó thús na chéad bhliana acadúla eile, bheadh na daltaí uile in iar-bhunscoileanna ag déanamh staidéir ar chlár nua an Teastais Shóisearaigh. I 1992, dhéanfaidís scrúdú den chéad uair chun an teastas nua seo a ghnóthú.

*"Is freagra é an teastas nua ar riachtanais an oideachais agus na sochaí atá ag athrú. Gheobhaidh sé réidh freisin le deighiltí neamhriachtanacha as dáta inár gcúrsaí scoile. Cabhraíonn sé le comhionannas sóisialta a áirithiú trí chur ar chumas na ndaltaí uile clár comónta a dhéanamh."*

**Mary O'Rourke, an tAire Oideachais, ag labhairt ag seoladh an Teastais Shóisearaigh, 20 Meán Fómhair 1988.**




## Curaclam na Bunscoile

Leag an tAire an cúram ar an CNCM maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt chun críche an athbhreithnithe ar churaclam na bunscoile freisin. Chuir Comhlacht Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile tús lena chuid oibre le linn 1987 agus Moya Quinlan ina cathaoirleach air.

## Deich mbliana níos déanaí

I *Comhairle*, Bunrán Faisnéise na CNCM, mí na Nollag 1996, rinne Albert Ó Ceallaigh, Príomhfheidhmeannach, cur síos ar a thuiscint ar bhuanna na CNCM le linn na chéad deich mbliana dá feidhmiú. Dar leis, trí fhreagairt do mholtaí Chomhlacht Athbhreithnithe Churaclam na Bunscoile, rinne an CNCM obair a raibh scileanna agus saineolas sonrach, struchtúir nua agus cur chuige nua maidir le leasú curaclaim riachtanach di. Bhí sé ag tnúth go mór le ráitis chórasacha agus struchtúrtha do gach gné de churaclam na bunscoile agus le dréachtaí de threoirlínte do mhúinteoirí chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bhreise na scileanna a bhí ag teastáil ó mhúinteoirí chun an curaclam leasaithe a chur i bhfeidhm. Foilsíodh Curaclam na Bunscoile i 1999.

## Comhlacht Reachtúil

D'athraigh an CNCM ina comhlacht reachtúil in 2001. Chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Michael Woods, tús le comhchomhairle faoi bhallraíocht na Comhairle reachtúla nua. Ansin, tosaíodh ag earcú na foirne, Príomhfheidhmeannach nua san áireamh. Tháinig Anne Looney, a bhí ina hoifigeach oideachais lánaimseartha ó 1997, i gcomharbacht ar Albert Ó Ceallaigh i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh i ndiaidh dó dul ar scor i mí Mheán Fómhair 2001.

Is é dualgas na Comhairle reachtúla de réir an Achta Oideachais, 1998 comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta faoi chúrsaí a bhaineann leis *an gcuraclam d'oideachas na luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus faoi na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus i scrúduithe d'ábhair atá mar chuid den churaclam.*

Déanann an cúig bhall is fiche den Chomhairle reachtúil, ceaptha ag an Aire ar feadh tréimhse trí bliana, ionadaíocht ar mhúinteoirí, ar bhainisteoirí scoileanna, ar thuismitheoirí, ar ghnóthaí, ar cheardchumainn agus ar leasanna

*Léiríonn comhdhéanamh coistí cúrsa na Comhairle go dtuigtear feidhm ghairmiúil phríomhúil múinteoirí ó thaobh siollabais a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.*


**Mary O'Rourke, an tAire Oideachais, ag labhairt ag seoladh na CNCM, 8 Nollaig, 1987.**

oideachais eile. Is ionadaithe na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus aon duine amháin a ainmníonn an tAire iad na baill eile. Ceapann an tAire an Cathaoirleach.

In 2003, chuir an CNCM tús le Céim 1 den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile. In 2004, d'fhoilsíomar *I dTreo Creata don Luath-Fhoghlaim*, agus ba é sin an chéad uair ar ghlacamar páirt san oideachas ag an leibhéal sin. An bhliain chéanna seoladh **info@ncca**, nuachtlitir do mhúinteoirí, agus láithreán gréasáin nua na CNCM, **www.ncca.ie**.

Ó 2005, ghlac an CNCM páirt i bpleanáil agus i bhforbairt curaclaim, measúnachta, teagaisc agus foghlama – príomhréimsí den tsraith shinsearach. D'eisíomar DVD do thuismitheoirí, *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth, agus Conas*, in 2006, agus sa bhliain chéanna, chuireamar tús leis an Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 2. Leanamar ar aghaidh ag obair ar theimpléid chártaí tuairisce agus bhuamar Metro Éireann Media and Multicultural Award (MAMA). Ceiliúrann na duaiseanna sin rannpháirtíocht daoine a chuireann tuiscint thraschultúrtha chun cinn in Éirinn. Bronnadh Duais an Phlean Ghnímh Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais ar an CNCM do na *Treoirlínte Idirchultúrtha do Bhunscoileanna*, a chuireann comhairle ar fáil faoi conas timpeallacht chuimsitheach a chruthú i mbunscoileanna. Foilsíodh Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil níos déanaí in 2006.

Ba bhliain ghnóthach don CNCM í 2007 freisin. D'fhoilsíomar *Treoirlínte do Múinteoirí Daltaí le Míchumais Ghinearálta Foghlama,* leasaithe; *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí Sár-chumasacha;* agus *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna.*




Agus, le cois sin, d'éirigh linn ár gceiliúradh 20 bliain a eagrú freisin!

## Cathaoirligh na Comhairle

**1987-1991**
An Dr. Ed Walsh,
Uachtarán FNAO, Luimneach.

**1991-1995**
An Dr. Tom Murphy (éagtha),
iar-Uachtarán OÉ, Baile Átha Cliath agus Cathaoirleach de Chomhlacht Athbhreithnithe an Bhunoideachais

**1995-2000**
An Dr. Caroline Hussey,
iar-Chláraitheoir, OÉ, Baile Átha Cliath.

**2000-2006**
An Dr. Catherine O'Brien,
Ollamh le hIodáilis, OÉ, Gaillimh

**2006 -**
An Dr. Tom Collins, Ollamh Oideachais, OÉ, Má Nuad

## Cá bhfuil siad anois?

Le 20 bliain anuas bhí na daoine seo a leanas fostaithe, go páirtaimseartha nó go lánaimseartha ag an CNCM, agus anois tá siad ag baint úsáide as a gcuid taithí ar fhorbairt curaclaim i suímh nua.

**Gary Granville**
Ollamh le hOideachas, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

**Breda Naughton**
Príomhoifigeach, Roinn Oideachais & Eolaíochta

**Lucy Fallon Byrne**
Stiúrthóir, Ionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta

**Steven McCarthy**
Oifigeach Oideachais, Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath

**Valerie O'Dowd**
Léachtóir, Foras Oideachais Marino

**James Mulcahy**
Stiúrthóir, Ionad Oideachais Chorcaí

**Regina Murphy**
Ceann na Forbartha Gairmiúla, Coláiste Phádraig, Droim Conrach

**Helen Guinan**
Príomhoide, Scoil Speisialta Naomh Pól, Montenotte, Corcaigh

**John Fitzgibbon**
Oifigeach Oideachais, Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí

**Marion Palmer**
Ceann na nEolaíochtaí Foghlama, Institiúid Ealaíne Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire

**Harold Hislop**
Príomh-Chigire Cúnta,
Roinn Oideachais & Eolaíochta.



# Éagsúlacht

**Is minic a bhí saincheisteanna maidir le héagsúlacht agus cuimsitheacht ar chláir oibre chruinnithe Chomhairle na CNCM i mbliana. Is cuma ar bhain na saincheisteanna le líon méadaitheach na ndaltaí idirnáisiúnta, nó le cuimsiú daltaí le riachtanais oideachais speisialta, nó le riachtanais éagsúla daltaí faoi mhíbhuntáiste, ar deireadh, bhí an dearcadh céanna againn fúthu. Is dúshlán mór do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna é freastal ar dhaonra ilchineálach daltaí agus bheith cuimsitheach i ndáiríre, agus seans nach raibh dúshlán chomh mór leis ann riamh. Léiríonn na tuairimí agus na hathfhriotail ar na leathanaigh seo gurb í sin an fhírinne.**

Ach is fiú smaoineamh freisin, i bhfianaise na dtuairimí, an aithnítear éagsúlacht mhéadaithe an lucht a fhreastalaíonn ar an scoil, an nglactar léi agus an dóigh le gach aon duine gur forbairt dhearfach san oideachas í. Seans nach ar bhealach comhionann a bhfuil ár scoileanna uile ag déileáil leis an dúshlán freagairt don éagsúlacht, cibé is éagsúlacht teanga, inniúlachta, chultúir nó shóisialta agus ionchas í.

De réir dealraimh, tá roinnt scoileanna ag glacadh leis an éagsúlacht go díograiseach, ach níl sé chomh héasca do scoileanna eile bheith ina n-áiteanna cuimsitheacha. Is minic, b'fhéidir, a shocraíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus iad ag déanamh roghanna i gcóras oideachais atá níos dírithe ar an margadh, an éagsúlacht a sheachaint in áit glacadh léi. Is fíor é sin go háirithe i gcásanna ina mbraitear go mbíonn tionchar diúltach ar 'mo' leanbh ag cur chuige na scoile maidir leis an éagsúlacht.

Ach an bhfuil go leor ar eolas againn faoi céard atá ar siúl i scoileanna, agus céard atá ag athrú i scoileanna, i ndáil leis an ngné seo den timpeallacht oideachais atá ag athrú go tapa? An dearcadh a d'eascair as plé san CNCM ná nach bhfuil go leor ar eolas againn, agus gur gá tionscnamh taighde a dhéanamh sa réimse seo. Déanfaidh an taighde, a chuirfear tús leis go luath, iarracht cur síos a dhéanamh ar staid scoileanna le daonra daltaí ilchineálach agus ar a dtaithí ar an gcuimsitheacht. Féachfaidh an taighde ar an dinimic a bhaineann le beartas agus cleachtas i ndáil le héagsúlacht agus cuimsitheacht sa scoil, agus ar a dtionchar ar na daltaí uile, seachas ar ghrúpaí nó ar chatagóirí áirithe daltaí.

Chun críche an taighde seo, sainmhínítear scoil chuimsitheach mar scoil a fheidhmíonn bunaithe ar bheartais agus ar chleachtais a bhfuil mar aidhm acu freastal go héifeachtúil ar raon iomlán agus éagsúil riachtanais foghlama a daltaí agus a thacaíonn leo foghlaim a dhéanamh ar na caighdeáin is airde, de réir a n-inniúlachtaí agus a n-acmhainne.

Cuireann scoil chuimsitheach fáilte roimh an éagsúlacht, aithníonn sí í, bíonn meas aici uirthi agus ceiliúrann sí í. Is prionsabal bunúsach de scoil chuimsitheach é tiomantas do chomhionannas rochtana, deise, rannpháirtíochta agus toraidh dá daltaí uile. Ó dhearcadh an fhoghlaimeora, is scoil í ina mbraitheann an foghlaimeoir ar a s(h)áimhín só ag idirghníomhú le gnéithe uile na scoile; ina mbraitheann sé/sí go láidir go bhfuil an scoil ag oibriú ar a s(h)on, ar mhaithe lena leasanna; ina mbraitheann sé/sí fíormhuintearas agus dea-bhraistint.

Déanfar an chéad chuid den taighde in 2008. Tabharfar tuarascáil dheireanach faoin gcéim sin chun críche go luath in 2009.

*Níl siad uaillmhianach ar an mbealach sin... mar sin, déanann siad bonnleibhéal go príomha; bonnleibhéal i nGaeilge, i mBéarla agus sa Mhatamaitic agus ansin gnáthleibhéal sna hábhair eile.*

**Múinteoirí scoile cás-staidéir, taighde ESRI, ag míniú conas a thugtar leibhéal do na ranganna sa sruth níos ísle i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh.**

*Bheifí in ann muid a fheiceáil timpeall an bhaile arís mar is féidir leat a shamhlú... tá a fhios agat, ní ghlacfaí mar Ardteistiméireacht cheart í.*

**Príomhoide scoile cás-staidéir, taighde ESRI, ag míniú cén fáth nach bhfuil fonn orthu an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a sholáthar.**

# agus cuimsitheacht



Beidh i gceist leis an taighde oibriú le grúpa thart ar 15 scoil (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) a aithníodh go raibh daonra daltaí ilchineálach acu. Baineann an taighde leis na scoileanna iad féin. Tabharfaidh sé aird ar conas a eagraíonn na scoileanna iad féin agus conas a phleanálann agus a fhorbraíonn siad beartas maidir le héagsúlacht agus cuimsitheacht. Le cois sin, baileoidh sé faisnéis agus samplaí de chleachtas sa seomra ranga – i dteagasc, i bhfoghlaim agus i gcur i bhfeidhm an churaclaim – a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar éagsúlacht agus ar chuimsitheacht.

Don CNCM, cuirfidh an taighde leis an athbhreithniú leanúnach ar churaclam agus measúnacht, go háirithe athbhreithniú sna réimsí a bhaineann le riachtanais oideachais speisialta, le Curaclam na Bunscoile, le Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus an leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Is é is tábhachtaí, ba chóir don taighde léargas, samplaí agus eispéiris thábhachtacha ó fhíorscoileanna a chur in iúl do gach aon duine ag obair *i* scoileanna agus *le* scoileanna faoi conas is féidir leo freastal ar dhaonra daltaí ilchineálach ar bhealach níos fearr agus bheith níos cuimsithí sa chomhthéacs seo.

*D'fhéadfaimis ár gcúrsa Ardteistiméireachta a dhearadh chun go mbeadh sé níos fearr do dhaltaí níos laige...pléimid an scéal gach uile bhliain agus... tá múinteoirí sa scoil...a bheadh go hiomlán in aghaidh thabhairt isteach na n-ealaíon, thabhairt isteach na hadhmadóireachta...thabhairt isteach na tógála toisc gur scoil acadúil í seo...braitheann siad má shocraímid na hábhair sin a chur ar fáil, gheobhaimid na páistí do na hábhair sin freisin.*

**Scoil Cás-Staidéir, múinteoir, taighde ESRI.**

*"Chun comhtháthú sóisialta a bhaint amach, ní mór teanga chomónta a úsáid... tá sé ríthábhachtach agus go hiomlán riachtanach acmhainní a chur ar fáil do theagasc an Bhéarla chun inniúlachtaí a chothú sa Bhéarla, atá mar theanga chomónta an Stáit," a dúirt an tUasal Moriarty ar an gcéad lá den chomhdháil IVEA i gCill Áirne, Co. Chiarraí.*

*Dúirt an tUasal Moriarty gurb é an bealach chun coinbhleacht eitneach a sheachaint sa todhchaí ná comhtháthú sóisialta a bhaint amach, agus go raibh sé riachtanach dinimic an bhuaiteora/an chailliúnaí, "ina bhfeictear gnóthachtáil grúpa éigin mar chaillteanas grúpa eile" a sheachaint.*

**Irish Times, 27 Meán Fómhair 2007.**

*Tá spás chomh teann anois i Scoil Náisiúnta Naomh Muire.....go bhfuil an múinteoir speisialta do dhaltaí nach náisiúnaigh na hÉireann iad brúite isteach sa seomra cótaí mar iarracht spás éigin a fháil.*

*Idir an dá linn, níl seomra ranga ar bith ag an múinteoir acmhainne, atá ag baint úsáide as an seomra foirne, agus tá an seomra ilchuspóireach, ar chóir dó a bheith úsáidte do chorpoideachas agus don drámaíocht, á úsáid mar sheomra ranga chun freastal ar líon méadaithe daltaí ag an scoil.*

*Freastalaíonn beagnach 170 dalta ar an scoil náisiúnta mheasctha, a bhfuil an daonra scoile is airde aici ó tógadh í 50 bliain ó shin.*

**Irish Times, 20 Meán Fómhair 2007.**

# Measúnú sa bh

## Freagraí ar bhur gceisteanna....

*Is cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim í an measúnú....* Má tá sé sin cloiste agat cheana, is dócha an chúis leis ná go bhfuil sé ar cheann de na rudaí is mó a luaitear ó *Churaclam na Bunscoile (1999).* B'fhéidir go bhfuil tú cosúil le go leor múinteoirí, áfach, agus ag cur na ceiste, céard go díreach atá i gceist leis sin? Má tá, seans go bhféadfadh an t-alt seo cabhrú leat....

Is muid inár múinteoirí bunscoile, bímid i gcónaí ag bailiú faisnéise faoi conas atá ag éirí le páistí ina gcuid foghlama. Mar a luaigh a lán múinteoirí i gCéim 1 d'athbhreithniú na CNCM ar Churaclam na Bunscoile, áfach, is minic nach n-éiríonn linn an fhaisnéis a bhailímid a úsáid chun cabhrú le foghlaim páistí. Go hámharach, le deich mbliana anuas tá méadú mór tagtha ar an méid atá ar eolas faoi conas is féidir leis an measúnú an fhoghlaim a dhéanamh níos taitneamhaí, níos spreagúla agus níos dearfaí tríd is tríd, ní do pháistí amháin ach do mhúinteoirí chomh maith. Ar mhaith leat a fháil amach céard atá i gceist? Lean ar aghaidh.....

## Athsmaoineamh ar an Measúnú

Má bhí deis agat *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* a léamh, a seachadadh chuig scoileanna an téarma seo caite, nó má léigh tú ailt faoi mheasúnú in eagráin **info@ncca** a eisíodh roimhe seo, beidh dhá cheann de na frásaí is coitianta sa mheasúnú i láthair na huaire ar an eolas agat:

- Measúnú chun Foghlama (McF)
- Measúnú den Fhoghlaim (MdF).

Gan amhras, d'fhéadfá an cheist a chur *'céard atá i gceist againn leis na téarmaí seo, agus cé na gníomhaíochtaí seomra ranga a chumhdaíonn siad?'* Le chéile, baineann McF agus MdF le croílár na hoibre a dhéanann múinteoirí bunscoile:

- McF – bailíonn, léirmhíníonn agus úsáideann múinteoirí faisnéis – ón méid a deir, a dhéanann agus a chruthaíonn páistí (agus nach ndeir, nach ndéanann agus nach gcruthaíonn siad) – chun an fhoghlaim a dhéanamh ábhartha agus lánbhríoch do pháistí.
- MdF – taifeadann agus tuairiscíonn múinteoirí faisnéis faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil an pháiste do na páistí féin, dá dtuismitheoirí, do mhúinteoirí eile, agus do phroifisiúnaigh eile. Úsáideann múinteoirí an fhaisnéis seo chun a gcuid teagaisc a athbhreithniú – chun na modheolaíochtaí, na hacmhainní, na straitéisí difreáilte agus mar sin de a mheas.

## Cén fáth díriú ar an measúnú anois?

Mar atá ar eolas agat, cuireann *Curaclam na Bunscoile* faisnéis ghinearálta faoi mheasúnú ar fáil. Nuair a forbraíodh an curaclam, bhí sé beartaithe go gcuirfí faisnéis agus comhairle bhreise ar fáil do mhúinteoirí. Ansin, sa chéad chéim den athbhreithniú ar an gcuraclam (CNCM, 2005) leag múinteoirí ar fud na tíre béim arís ar an ngá le tacaíocht bhreise a sholáthar don mheasúnú.

## Ní sraith treoirlínte eile amháin atá i gceist....

Bun agus barr an scéil ná go dtugann *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* freagraí ar cheisteanna a chuir múinteoirí san athbhreithniú ar an gcuraclam. Díríonn siad ar


- Measúnú sa seomra ranga – *conas is féidir liomsa, an múinteoir, measúnaithe a úsáid chun foghlaim páistí a leathnú agus a shaibhriú?*
- Measúnú ag leibhéal scoile – *cad iad na próisis agus socruithe measúnaithe ar féidir linn iad a chur i bhfeidhm ar fud na scoile agus a bhainfidh na páistí uile tairbhe astu?*

Agus freagra á thabhairt ar an gcéad cheist, cuireann na treoirlínte contanam d'ocht modh measúnú ar fáil ar féidir le múinteoirí iad a úsáid, agus a úsáideann múinteoirí cheana féin, agus le cois sin, díríonn sé ar an tairbhe a bhaineann le meascán modhanna a úsáid nuair atáthar ag obair le páistí.

Agus cur chuige praiticiúil acu, léiríonn na treoirlínte cén cruth a d'fhéadfadh a bheith ar an measúnú i seomraí ranga de mhéideanna éagsúla, de ghrúpálacha ranga éagsúla agus d'inniúlachtaí éagsúla, agus nuair atáthar ag díriú ar ábhair éagsúla. I ndáiríre, déanann na treoirlínte cur síos ar an measúnú 'i mbun gnímh' trí shamplaí ón gcleachtas ar a dtugtar *gníomhaíochtaí samplacha* a sholáthar.

Cuireann na treoirlínte comhairle ar fáil freisin faoi conas polasaí measúnaithe a fhorbairt. Tá riachtanais reachtúla ríthábhachtach anseo. Ní chiallaíonn sé sin go gcaithfidh tú na hAchtanna éagsúla a fháil, staidéar a dhéanamh orthu agus iad a léiriú, áfach. Tá an obair déanta cheana féin, toisc go leagann na treoirlínte amach na himpleachtaí ábhartha maidir le taifeadadh agus tuairisciú faisnéise faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páistí.

### Contanam de mhodhanna measúnaithe



## ... agus cuir chuige seomra ranga do mhúinteoirí iar-bhunscoile

Déanann an dara cuid den alt seo cur síos ar roinnt de na moltaí praiticiúla faoi conas measúnú a úsáid i do sheomra ranga. Gheobhaidh tú na moltaí seo agus níos mó leo sna treoirlínte.

### Léargas níos doimhne ar na treoirlínte...

De réir litríocht agus chleachtas an mheasúnaithe, bíonn an fhoghlaim is fearr ag páistí

- nuair a thuigeann siad céard atá ag teastáil uathu agus iad ag foghlaim
- nuair a fhaigheann siad aiseolas faoi conas atá ag éirí leo san fhoghlaim
- nuair a thuigeann siad cad is féidir leo é a fheabhsú agus conas é sin a dhéanamh

Is gnáthstuaim iad sin i ndáiríre. Ach conas is féidir é a dhéanamh? De réir na dtreoirlínte, modh amháin is féidir le múinteoirí é a úsáid chun cabhrú le foghlaim páistí ná an fhéinmheasúnú. Is fíor é, féinmheasúnú, agus le haghaidh na naíonán beag fiú! Is éard atá i gceist le féinmheasúnú go bunúsach ná iarraidh ar pháistí féachaint ar a gcuid saothar féin ar bhealach machnamhach, ag aithint codanna maithe agus codanna nach bhfuil chomh maith sin, b'fhéidir, agus a d'fhéadfaí iad a fheabhsú, agus ansin cinneadh a dhéanamh faoi conas a dhéanfaidís an saothar ar bhealach éagsúil an chéad uair eile chun feabhas a chur air. Féadann múinteoir a lán uirlisí éagsúla a úsáid chun cabhrú le páistí scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt. Uirlis amháin ná rúibricí.

### Céard í rúibric agus conas a fheidhmíonn sí?

Déanann **rúibric** cur síos ar leibhéil éagsúla cháilíochta i saothar. Tá dhá ghné phríomhúla aici:

(1) liosta critéar a dhéanann cur síos ar ghnéithe tábhachtacha an tsaothair
(2) sraith ráiteas a dhéanann cur síos ar leibhéil éagsúla cháilíochta sa saothar.

Tríd an dá ghné seo den rúibric a chomhtháthú, is féidir pictiúr a chur le chéile don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir faoi céard a bheidh i gceist le rath sa ghníomhaíocht nó sa saothar.

Déanann an dá ghníomhaíocht shamplacha ó *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (lgh 15 agus 25) ar an gcéad dá leathanach eile cur síos ar mhúinteoirí ag úsáid rúibricí le dhá ghrúpáil ranga éagsúla agus le dhá ábhar éagsúla.

Féadtar rúibricí a úsáid le páistí níos óige freisin. I gcás dá leithéid, d'fhéadfaí aghaidheanna nó siombail eile a úsáid chun 'leibhéil sástachta' a léiriú. Is féidir cabhrú le páistí óga a gcuid saothar féin a mheasúnú trí labhairt faoin méid atá déanta acu, iarraidh orthu an bhfuil siad sásta leis, céard is maith leo nó nach maith leo faoi, nó céard ar mian leo a dhéanamh ar bhealach níos fearr an chéad uair eile.

### Cén cineál foghlama atá oiriúnach do rúibricí?

Is féidir rúibricí a úsáid chun a lán cineálacha éagsúla foghlama a mheasúnú, cosúil le saothar ealaíne, tionscadal eolaíochta nó cur i láthair tionscadail os comhair an ranga, dán, píosa drámaíochta, nó léiriú ceoil. Thar thréimhse ama, is féidir leis na páistí páirt a ghlacadh in aithint na ngnéithe tábhachtacha dá gcuid saothar, agus i gcruthú rúibricí oiriúnacha i gcomhar leis an múinteoir.

### Céard atá anseo do mhúinteoirí iar-bhunscoile?

Uaireanta, léirítear go soiléir do mhúinteoirí ag obair in earnáil amháin nach bhfuil mórán ar eolas acu faoi céard a bhíonn ar siúl in earnálacha eile. I gcás an mheasúnaithe, seans go gceapfadh an múinteoir iar-bhunscoile nach dtarlaíonn measúnú i mbunscoileanna toisc nach bhfuil scrúdú i gceist ann. Ar an dul céanna, d'fhéadfadh an múinteoir bunscoile a thuiscint nach bhfuil i gceist i measúnú san iar-bhunscoil ach na scrúduithe sin. Gan amhras, ní fíor aon cheann díobh sin, agus trí shúil a chaitheamh ar na treoirlínte measúnaithe do bhunscoileanna, féadann daoine a chur i gcuimhne dóibh féin go bhfuil go leor cleachtais roinnte trasna na n-earnálacha.

### Arís...Is cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú...

Gan amhras, féadann múinteoir iar-bhunscoile a lán ama agus fuinnimh a chaitheamh ar dhaltaí a ullmhú do scrúduithe – do thrialacha a bheidh curtha orthu ag daoine eile. Ach tá i bhfad níos mó i gceist le measúnú san iar-bhunscoil. Agus, más féidir brath ar an leibhéal spéise in ailt faoi Mheasúnú chun Foghlama in eagráin **info@ncca** a eisíodh le deireanas, agus líon na bhfreagraí orthu, is léir go bhfuil múinteoirí iar-bhunscoile ag cur spéise níos mó i gcuir chuige seomra ranga a úsáideann faisnéis mheasúnaithe chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'fhoghlaim daltaí, chun an fhoghlaim sin a choinneáil ar an mbóthar ceart. Gan amhras, tá torthaí d'athbhreithniú na CNCM ar an tsraith shóisearach san iar-bhunscoil thar a bheith cosúil le torthaí na chéad chéime den athbhreithniú ar churaclam na bunscoile mar, sa dá chás, thug múinteoirí tosaíocht don mheasúnú mar réimse ina dtaitneodh tacaíocht bhreise leo.

Baineann measúnú chun foghlama go sonrach leis na bealaí ar a n-úsáideann múinteoirí a gcuid breithiúnas faoin saothar táirgthe ag daltaí chun aiseolas a thabhairt a thacóidh le foghlaim bhreise, agus bealach maith chun é sin a dhéanamh ná trí chritéir ratha shoiléire a leagan amach agus iad a roinnt leis na foghlaimeoirí. Sin an chúis a chuirfidh múinteoirí iar-bhunscoile spéis in úsáid rúibricí, i measc a lán cur chuige úsáideach eile, i *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna.*

## Conas a thacaíonn rúibricí leis an bhfoghlaim?

Bealach amháin chun smaoineamh faoi seo ná féachaint ar céard a tharlaíonn go minic nuair a bhíonn duine ag foghlaim scile nua, cosúil le gníomh sa leadóg nó sa snámh, nó conas liathróid a bhualadh i gceart le camán, maide gailf nó maide haca. Is minic a úsáideann traenálaithe próiseas d'íomháú meabhrach chun an toradh ceart a shamhaltú don fhoghlaimeoir, chun íomhá shoiléir a thabhairt don fhoghlaimeoir faoin 'gcruth' atá ar an rath nó faoi conas 'a bhraitheann' sé. Ag féachaint ar aon cheann de na rúibricí ó *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna,* is éasca a fheiceáil conas is féidir íomhá a chruthú den rath i dtasc nó i ngníomhaíocht ar leith trí na príomhréimsí gnóthachtála (na gnéithe) agus raon grádaithe na leibhéal gnóthachtála féideartha a liostú le chéile. Is tús maith chun tacú le foghlaimeoirí é cabhrú leo tuiscint a fháil ar an gcruth a bhíonn ar an rath; cothaíonn sé mothúcháin d'inacmhainneacht, rud a chuireann féin-íomhá acadúil dhearfach chun cinn!

## Gníomhaíocht shamplach 2.1
## Ag úsáid rúibrice don fhéinmheasúnú

| | |
|---|---|
| Réimse Curaclaim | **Oideachas na nEalaíon** |
| Ábhar | **Na hAmharcealaíona** |
| Snáithe | **Tógáil** |
| Snáithaonad | **Ag amharc agus ag freagairt** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste amharc ar a c(h)uid oibre nó ar phíosa oibre a rinne páiste eile agus labhairt faoi.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Thug an tUas. Byrne tasc do na páistí i ranganna a trí agus a ceathair chun samhail droichid a thógáil. D'fhoghlaim siad faoi chineálacha áirithe droichid le linn roinnt ceachtanna. Tá an tUas. Byrne ag iarraidh orthu a thaispeáint go dtuigeann siad feidhmeanna bunúsacha droichid, an dóigh a dtógtar droichead, agus gnéithe droichid. Caithfidh na páistí plean den droichead a dhéanamh agus a thaispeáint don mhúinteoir, agus caithfidh said a mhíniú cén fáth ar tógadh an droichead ar an mbealach seo. Is féidir leo cineál ar bith ábhair oiriúnaigh a úsáid leis an droichead a thógáil. Tá na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le pleanáil agus le tógáil na samhla seo pléite ag an múinteoir leis an rang. Úsáidtear an rúibric seo a leanas nuair a bhíonn an tsamhail tógtha.

**Rúibric shamplach**

| Gné | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| Plean | Rinne mé plean de mo shamhail le roinnt sonraí | Rinne mé plean de mo shamhail le roinnt mhaith sonraí | Rinne mé plean mionsonraithe de mo shamhail |
| Dearadh | Níor léirigh mé gnéithe tábhachtacha an droichid | Léirigh mé cuid de na gnéithe i mo shamhail | Léirigh mé cuid mhór de na gnéithe nó na gnéithe go léir i mo shamhail |
| Ábhair | Ní raibh na hábhair a d'úsáid mé oiriúnach | D'úsáid mé roinnt ábhar oiriúnacha | Bhí na hábhair go léir a d'úsáid mé oiriúnach |
| An fáth ar tógadh an droichead mar seo | Níor mhínigh mé é seo | Mhínigh mé cuid de | Mhínigh mé go han-mhaith é |
| Cuma | Tá cuma ceart go leor ar mo dhroichead | Tá cuma mhaith ar mo dhroichead | Tá cuma iontach ar mo dhroichead |

Comhlánaíonn na páistí an rúibric trí thic a chur ar an leibhéal cuí cáilíochta a mheasann siad a léiríonn a gcuid samhlacha nó tríd an bhosca cuí a dhathú. Déanann an tUas. Byrne idirdhealú de réir cumais na bpáistí, agus cuidíonn sé le cuid acu an rúibric a úsáid. Léann sé na ráitis agus labhraíonn sé leis na páistí faoina dtuairimí ar cháilíochtaí a ndroichead.

I measc na rudaí ar féidir a dhéanamh le cur leis an rúibric seo, is féidir ceithre leibhéal cáilíochta a chur sa rúibric. Mar shampla, i gcás páistí a bhfuil níos mó taithí acu ar rúibricí measúnaithe, d'fhéadfaí a chur san áireamh iad a chur ar an eolas faoi na caighdeáin agus na leibhéil a mbeifí ag siúl leo sula dtosaíonn siad ar a n-obair ar an tsamhail, agus is féidir an chuma a bheadh ar a leithéid de leibhéil a léiriú trí obair chomhchosúil a thaispeáint a rinne páistí eile.

## Leanúnachas curaclaim

Faigheann daltaí, go háirithe sa chéad bhliain den iar-bhunscoil, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbraitheann siad go bhfuil leanúnachas i gceist leis an saothar agus leis an taithí a bhí acu sa bhunscoil chun ionchais dhearfacha faoina mbeathaí scoile nua a threisiú. Bíonn tionchar fadtréimhseach aige sin ar conas a idirghníomhaíonn siad le hobair scoile, uaireanta. Baineann na cuir chuige phraiticiúla i ndáil le measúnú sa seomra ranga atá curtha ar fáil i *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* leis an seomra ranga iar-bhunscoile freisin, agus tá sé d'acmhainn acu leanúnachas dá leithéid a sholáthar, fiú amháin nuair a dhéantar dul chun cinn in inneachar cheachtanna an ábhair, nó nuair a thosaítear ar ábhair atá go hiomlán nua.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* ar láithreán gréasáin na CNCM ar **www.ncca.ie/publications.**

## Gníomhaíocht shamplach 2.6
## Ag úsáid rúibrice measúnaithe mar chuid de chomhdháil

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Béarla** |
| Snáithe | **Inniúlacht agus muinín i dteanga a úsáid / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt**<br>**Inniúlacht agus muinín in úsáid na teanga: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste scríobh, gan athdhréachtú a dhéanamh, ar thopaic a thugtar nó a roghnaítear le srianta áirithe ama.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cloí le gnásanna gramadaí, poncaíochta agus litrithe ina c(h)uid scríbhneoireachta féin.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cuidiú a thabhairt do pháistí eile in eagrú a gcuid scríbhneoireachta.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

| | |
|---|---|
| Snáithe | **Glacacht ar theanga / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: an spreagadh le scríobh a cruthú agus a chothú**<br>**Glacacht ar theanga: an spreagadh le scríobh a cruthú agus a chothú** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste freagraí maithe ar scríbhneoireacht a ghlacadh agus a thabhairt.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

I rang a sé úsáideann páistí an rúibric seo thíos le scéal atá scríofa acu a mheasúnú. Tá na gnéithe áirithe sa rúibric bunaithe ar an fáth go mbíonn an scéal go maith faoi mar atá pléite agus comhaontaithe ag na páistí agus an múinteoir roimhré (na critéir rathúla maidir le scríobh scéil). Is féidir go n-úsáidfí rúibric eile i scríbhneoireacht ina dhiaidh sin le poncaíocht a mheasúnú, mar shampla, úsáid comharthaí athfhriotail, comharthaí uaillbhreasa, agus araile.

**Rúibric shamplach**

| Gné | Níor éirigh go maith liom | Bhí an iarracht go maith | Bhí an iarracht go han-mhaith |
|---|---|---|---|
| Struchtúr agus plota | Níl tús, lár nó deireadh soiléir i mo scéal. | Tá struchtúr agus plota sa scéal ach tá cuid de nach bhfuil soiléir. | Tá struchtúr agus plota soiléir i mo scéal. |
| Paragraif | Tá barraíocht (nó níl go leor) paragraph, nó ní thosaíonn siad in áiteanna oiriúnacha. | Tá cuid de na paragraif san áit cheart ach tá cuid acu nach bhfuil. | Tosaíonn na paragraif ag pointí athraithe sa scéal agus cuidíonn seo leis an léitheoir an scéal a leanúint níos fearr. |
| Suim | Níl mo scéal ró-shuimiúil. | Tá mo scéal measartha suimiúil. | Tá mo scéal an-suimiúil. |
| Carachtair | Ní dhearna mé cur síos láidir ar charachtar ar bith i mo scéal. | Rinne mé cur síos láidir ar charachtar amháin i mo scéal ar a laghad. | Tá cur síos maith ar na carachtair sa scéal. |

Cuidíonn macnamh an pháiste ar a c(h)uid oibre scríbhneoireachta féin a scileanna meiteachognaíochta a fhorbairt (machnamh a dhéanamh ar d'fhoghlaim féin). Is é príomhthoradh gach comhdhála ná gur féidir leis an múinteoir agus leis an bpáiste araon rud éigin nua faoi fhoghlaim an pháiste a thuiscint agus na chéad chéimeanna eile ar chóir a ghlacadh le tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim. Lena chois sin, de thairbhe go mbíonn nádúr aonair ar comhdhálacha, bíonn an múinteoir ábalta an tacaíocht atá oiriúnach do chumais agus do riachtanais gach páiste a idirdhealú.

# TFC: an plean ‘d

**Ar smaoinigh tú riamh faoi sheomra ranga ina bhfuil Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ina cuid den teagasc agus den fhoghlaim? Seomra ranga ina bhfuil deis ag daltaí ó naíonáin bheaga go dtí an tsraith shóisearach litearthacht TFC a fhorbairt trasna ábhar curaclaim? Seomra ina bhfuil TFC dofheicthe—gan bheith dofheicthe toisc go bhfuil easpa rochtana ag múinteoirí agus daltaí uirthi—ach toisc go bhfuil sí ina gnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim ar bhealach a chiallaíonn nach dtugtar faoi deara a thuilleadh í?**

Trí bliana ó shin, chruthaigh an CNCM an fhís seo don todhchaí do scoileanna uile. Le tacaíocht ó shaineolaithe TFC, d’fhorbraíomar dréacht den *Chreatlach TFC i gCuraclam agus i Measúnú.* Dearadh an Chreatlach TFC mar acmhainn phraiticiúil do mhúinteoirí chun cabhrú leo teagasc agus foghlaim le TFC a phleanáil trasna an churaclaim, ón mbunscoil go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

## An réimse curaclaim é TFC?

Ní hea. Go hidirnáisiúnta, tá sé de rogha ag tíortha anois an TFC a chomhtháthú le hábhair churaclaim in áit í a bhunú mar ábhar ar leith.

## An siollabas í an Chreatlach TFC?

Ní hea, is uirlis traschuraclaim í an Chreatlach TFC chun pleanáil a dhéanamh agus chun TFC a úsáid i gcuraclam agus i measúnú.



## Céard atá san áireamh inti?

Tá ceithre chuspóir aici. Tá siad dírithe ar chur ar chumas daltaí

- TFC a úsáid le hábhar a chruthú, agus le cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh
- buneolas, bunscileanna agus bunchoincheapa na TFC a fhorbairt
- smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach le TFC
- tuiscint a fháil ar thionchar sóisialta agus pearsanta TFC.

Tá torthaí leagtha amach do gach ceann de na cuspóirí thuas. Is iad na torthaí i gceist na scileanna, an dearcadh agus an t-eolas a mheastar go bhfuil sé tábhachtach do dhaltaí iad a fhorbairt.



## An bhfuil roinnt de na torthaí níos ábhartha ag céimeanna éagsúla in oideachas daltaí?

Baineann tábhacht leis na torthaí uile do dhaltaí ó na naíonáin bheaga go dtí go gcríochnaíonn siad an tsraith shóisearach. Déantar cur síos ar fhoghlaim daltaí, agus ar an gcruth a d’fhéadfadh a bheith uirthi sna ceithre chuspóir faoi seach, ag trí leibhéal— íosleibhéal bunscoile, uasleibhéal bunscoile agus íosleibhéal iar-bhunscoile.

## Aiseolas

Tugadh an dréacht-Chreatlach TFC chun críche in 2006. Chun éifeachtúlacht na creatlaí a thástáil, shocraigh múinteoirí in dhá scoil déag í a úsáid agus aiseolas fúithi a thabhairt don CNCM le linn na scoilbhliana 2006/2007. Na ceisteanna príomhúla a bhí le freagairt ag na múinteoirí ná: *Cá mhéad ar bhain an Chreatlach TFC na cuspóirí seo a leanas amach, agus cén tionchar a bhí aici? An raibh sí*

1. **inrochtana** ó thaobh teanga, struchtúir agus inneachair de
2. **cabhrach** maidir le húsáid TFC i gcuraclam agus i measúnú a phleanáil
3. **indéanta** í a úsáid ag leibhéal ranga agus scoile?

## Céard a d’fhoghlaimíomar?

Go ginearálta, bhí múinteoirí sa dhá scoil déag dearfach faoin gCreatlach TFC agus faoina hacmhainn an fhís de litearthacht TFC do na daltaí uile a bhaint amach.

## Inrochtaineacht

Thaitin struchtúr agus leagan amach na creatlaí le múinteoirí. Dúirt roinnt múinteoirí go raibh an réim teanga a úsáideadh inrochtana, agus d’iarr roinnt eile orainn laghdú ar líon an bhéarlagair agus na dtéarmaí teicniúla ann.

info@ncca

# ofheicthe'

**Ar cheap tú riamh go mbeadh sé go maith dá mbeadh TFC...dofheicthe?**

> "Is smaoineamh maith é an Chreatlach TFC. Tá sé iontach struchtúr agus imlíne a fháil faoi cad ba chóir do dhaltaí a dhéanamh le TFC. Beidh sé mar chabhair mhór agus comhtháthú TFC trasna an churaclaim á phleanáil.

> I mo thuairimse, bhí an teanga an-inrochtana, cé go raibh beagán eagla orm faoi TFC ag tosú léi! Fuair mé go raibh gach mír i Leibhéal 1, an leibhéal a d'úsáid mé, leagtha amach go han-soiléir agus bhí sé éasca le tuiscint agus na treoracha a leanúint."



## Inúsáideacht

Dar le múinteoirí b'uirlis úsáideach í an chreatlach maidir le TFC a phleanáil trasna ábhar curaclaim éagsúil, lena n-áirítear í a phleanáil le múinteoirí eile ag leibhéal na scoile. Dúirt siad go raibh sí domhain agus leathan go leor do na gníomhaíochtaí tacaithe ag TFC ar mhian leo iad a dhéanamh lena ndaltaí.
Mar sin féin, luaigh roinnt múinteoirí nach raibh siad cinnte go raibh na leibhéil réadúil dá ndaltaí agus go raibh seans ann go raibh na leibhéil ró-ard. Bhain saincheisteanna eile le cúiseanna imní faoi mhéid na Creatlaí TFC agus an leibhéal inniúlachta a bheadh ag teastáil ó mhúinteoir chun idirghníomhaíocht éifeachtúil a spreagadh le daltaí.

## Indéantacht

Dar le múinteoirí, cé chomh hindéanta agus a bheadh sé an Chreatlach TFC a úsáid i scoileanna?
Bhí na torthaí dearfacha dírithe ar an trealamh TFC a cuireadh ar fáil, deiseanna an scéal a phlé agus tacaíocht a fháil ó mhúinteoirí eile agus ó fhoireann na CNCM, agus acmhainní roinnte (uirlisí pleanála ceachtanna, srl.). Mar sin féin, luaigh múinteoirí cúiseanna imní freisin.

Rinne siad tagairt d'easpa nó de leibhéal íseal de na nithe seo a leanas:

- rochtain ar TFC
- caighdeán agus acmhainn trealaimh TFC
- tacaíocht theicniúil
- am
- forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do mhúinteoirí.

## Céard a chiallaíonn na torthaí seo?

D'aithin an CNCM ceithre mholadh a d'eascair as an obair seo le scoileanna ar an gCreatlach TFC. Díríonn siad ar na nithe seo a leanas:

- ábhair tacaíochta bhreise, lena n-áirítear uirlisí pleanála, gníomhaíochtaí samplacha, srl. a fhorbairt
- TFC a leabú isteach i gcuraclam, i measúnú agus i scrúduithe trasna na n-ábhar agus na siollabas éagsúil
- infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar TFC i scoileanna
- forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile agus dara leibhéal maidir le TFC i gcuraclam agus i measúnú.

> "Chuir an Chreatlach TFC ag smaoineamh mé faoi na modheolaíochtaí teagaisc a mbainim leas astu. Tugann TFC rogha mór dom faoi conas rudaí a chur i láthair daltaí. Níos tábhachtaí fós, dar liomsa, tá acmhainn mhór aici eispéiris níos gníomhaí a sholáthar do mo dhaltaí.
>
> Is creatlach iontach í, ach tá go leor inti, agus tá go leor le déanamh againn cheana féin!"



Is léir go bhfuil na gníomhartha seo uile ríthábhachtach chun an Chreatlach TFC a chur in úsáid i scoileanna. Gan na ceithre thaca seo, ní bhainfear fís na creatlaí, is í sin litearthacht TFC do gach dalta, amach riamh.

Eisíodh an tuarascáil iomlán faoin tionscnamh leis na scoileanna mar chomhairle chun treoir don todhchaí a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Foilsíodh an chreatlach TFC leasaithe ar líne freisin agus tá sí ar fáil ar: **www.ncca.ie/publications.**




**An bhfuil seans ann go bhfuilimid ag tnúth leis an iomarca ag an leibhéal seo?**

**An bhfuil an [Chreatlach TFC] dírithe ar mhúinteoirí atá urrúsach faoin méid atá á dhéanamh acu i réimse na TFC cheana féin?**


Idir an dá linn, má tá tú ag lorg moltaí faoi conas TFC a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim, féach ar na Gníomhaíochtaí Samplacha foilsithe ar láithreán gréasáin ACTION, **http://action.ncca.ie**. D'fhorbair múinteoirí iad mar chuid den Chreatlach TFC ar líne. Tá tuairiscí faoi cheachtanna, grianghraif agus físeáin dhigiteacha d'obair seomra ranga agus acmhainní samplacha cruthaithe ag múinteoirí san áireamh orthu. Má theastaíonn uait gníomhaíochtaí TFC ar bhain tú úsáid astu a roinnt linn don Chreatlach TFC ar líne, ba bhreá linn cloisteáil uait! Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh ríomhphoist: **newsletter@ncca.ie.**



**Dar le múinteoirí b'uirlis úsáideach í an chreatlach maidir le TFC a phleanáil trasna ábhar curaclaim éagsúil, lena n-áirítear í a phleanáil le múinteoirí eile ag leibhéal na scoile...**



## Creatlach TFC: Ceithre chuspóir






info@ncca

# Oideachas idirchultúrtha:

## tá feidhm ag gach múinteoir

*Is minic gurb iad na heachtraí idirchultúrtha is suimiúla na heachtraí nach bpleanáiltear iad - eachtraí a eascraíonn as teagmhais ar scoil nó ceisteanna a chuireann na daltaí féin.*

**(Múinteoir páirteach sa tionscadal 'Celebrating Difference: Promoting Equality')**

**Tá an t-oideachas idirchultúrtha ar chuid den obair a dhéanann gach múinteoir i scoileanna ar fud na tíre. Ní bhaineann sé leis an gcuraclam agus leis an méid a mhúinimid amháin. Ba chóir don oideachas idirchultúrtha treoir a thabhairt do phleanáil an teagaisc agus na foghlama, le cois treoir a thabhairt don bhealach ar a bhfeidhmíonn seomra ranga mar thimpeallacht foghlama thacúil.**

Ag a lár, tá dhá phointe ríthábhachtacha:

- Is oideachas é a bhfuil meas aige ar an éagsúlacht, a cheiliúrann í, agus a thuigeann go bhfuil an éagsúlacht nádúrtha i ngach gné de shaol an duine
- Is oideachas é a chuireann comhionannas agus cearta daonna chun cinn, a thugann dúshlán d'idirdhealú éagothrom agus a chothaíonn na luachanna ar a bhfuil an comhionannas bunaithe.

Le deireanas, d'fhorbair an CNCM treoirlínte do scoileanna, *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil* agus *Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil* chun tacú le múinteoirí agus bainisteoirí scoile scoileanna agus seomraí ranga idirchultúrtha a chruthú.

Cuimsíonn na treoirlínte faisnéis mhionchruinn faoi oideachas idirchultúrtha, le cois roinnt idéanna praiticiúla faoi na nithe seo a leanas

- pleanáil scoile
- pleanáil don seomra ranga
- iniúchtaí curaclaim do gach ábhar, lena n-áirítear ceachtanna eiseamláire
- cuir chuige agus modheolaíochtaí
- measúnú agus éagsúlacht chultúrtha
- teanga agus idirchultúrachas.

Léiríonn na treoirlínte go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallacht thacúil a chruthú chun daltaí nua a chomhtháthú go rathúil le scoileanna.

### Conas is féidir liom timpeallacht thacúil idirchultúrtha a chruthú?

Ní bhaineann oideachas idirchultúrtha le réimse curaclaim amháin. Tá sé leabaithe isteach sna cleachtais, sa 'bhealach a dhéanaimid rudaí anseo', agus sna meonta a threoraíonn timpeallacht an tseomra ranga agus an 'curaclam ceilte' araon. Ní mór do gach múinteoir páirt a ghlacadh i gcruthú 'scoile cuimsithí'.

> "Toisc go bhfaigheann daoine, de ghnáth, go bhfuil sé níos éasca smaointeoireacht chasta a fhorbairt ina máthairtheanga, tá sé tábhachtach go dtuigtear luach mháthairtheanga an dalta, agus go ndeimhnítear an luach sin, sa seomra ranga agus i gcomhthéacs níos leithne na scoile."

Agus timpeallacht fhisiceach agus shóisialta do sheomra ranga á pleanáil agat, d'fhéadfá leas a bhaint as an ***Seicliosta um Athbhreithniú Seomra Ranga*** ar ***Leathanach 37*** de na treoirlínte iar-bhunscoile:

| | TÁ | TÁ BEAGÁN | NÍL FÓS |
|---|---|---|---|
| **Timpeallacht Fhisiceach** | √ | √ | √ |
| An léiríonn na pictiúir, íomhánna agus taispeántais sa seomra ranga agus i dtimpeallacht fhisiceach na scoile grúpaí cultúrtha agus eitneacha éagsúla na hÉireann agus na scoile ar bhealach reatha cruinn? | | | |
| **Timpeallacht Shóisialta** | √ | √ | √ |
| An bhfuil gnáthaimh ann chun fáilte a chur roimh dhaltaí nua, chun cabhrú leo socrú síos mar bhall ranga, chun a chinntiú go ndeimhnítear a gcultúr sa timpeallacht agus chun a chinntiú go dtuigtear a gcuid inniúlachtaí agus riachtanais? | | | |
| An gcuirtear gnáthaimh sheomra ranga in iúl do na daltaí uile ar bhealach soiléir? | | | |
| An féidir le daltaí agus múinteoirí ainmneacha a chéile a fhoghrú i gceart? | | | |
| An nglacann daltaí páirt i ngníomhaíochtaí foghlama comhoibritheacha a chuireann ar a gcumas láidreachtaí a chéile a aithint agus tairbhe a bhaint astu? | | | |
| An mbíonn daltaí freagrach go comhpháirteach as eagrú an tseomra ranga agus as a chinntiú go mbraitheann gach duine go bhfuil fáilte roimhe/roimpi agus go bhfuil sé/sí rannpháirteach? | | | |
| An dtugtar deimhniú dearfach d'aitheantas grúpaí mionlaigh eitneacha? | | | |
| Ar measadh agus ar cuireadh straitéisí i bhfeidhm chun déileáil le hiompar idirdhealaitheach? | | | |
| Ar measadh conas teanga agus idirghníomhartha cuí a chinntiú idir múinteoirí agus daltaí? | | | |
| An gcruthaítear timpeallacht thacúil d'fhoghlaimeoirí dara teanga? | | | |
| **Acmhainní a roghnú** | √ | √ | √ |
| An bhfuil bealach ann chun oiriúnacht íomhánna agus teachtaireachtaí i dtéacsanna scoile agus in acmhainní eile a sheiceáil? | | | |

*Seicliosta um Athbhreithniú Seomra Ranga*

Léiríonn freagraí dearfacha comhthéacs seomra ranga níos idirchultúrtha. Léiríonn freagraí diúltacha na réimsí ar féidir feabhas a chur orthu. Mar shampla, agus timpeallacht fhisiceach thacúil á pleanáil acu, d'fhéadfadh múinteoirí na nithe seo a leanas a mheas:

- éagsúlacht a léiriú mar ghnáthchuid de shaol na hÉireann agus de shaol an duine
- a chinntiú nach mbíonn léirithe de mhionlaigh dírithe ar imeachtaí 'mórthaibhseacha' nó 'dathúla'
- a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach dalta, cibé dath, creideamh, grúpa eitneach nó inniúlacht a bhaineann sé/sí leis, a bhrath go bhfuil siad compordach agus ionadaithe sa seomra ranga.


## Timpeallacht thacúil shóisialta a chruthú sa seomra ranga

### Cad is féidir liom a dhéanamh nuair a tharlaíonn rud éigin mícheart?

*Is minic gurb iad na heachtraí idirchultúrtha is suimiúla na heachtraí nach bpleanáiltear iad - eachtraí a eascraíonn as teagmhais ar scoil nó ceisteanna a chuireann na daltaí féin. Cuireann na teagmhais seo deis iontach ar fáil plé a dhéanamh, agus is minic a bhíonn roinnt de na deiseanna is fearr don oideachas idirchultúrtha i gceist leo*

**(Múinteoir páirteach sa tionscadal 'Celebrating Difference: Promoting Equality')**

Tarlaíonn caidrimh agus idirghníomhaíochtaí sa seomra ranga laistigh de chreat rialacha aontaithe d'iompar seomra ranga. Cé go bhfuil siad sin bunaithe ar chóimheas, uaireanta ní bhíonn daltaí ar a gcompord leis an éagsúlacht agus ceapann siad go bhfuil an éagsúlacht mínádúrtha. D'fhéadfaidís freagairt di le gáire, maslú, seachaint nó forrán. Cé nach bhfuil freagraí dá leithéid cuí, tugann siad deis don mhúinteoir oideachas idirchultúrtha a dhéanamh.





Molann na treoirlínte roinnt beart is féidir le múinteoirí iad a dhéanamh:

- Cuir do ladar ann láithreach; ná déan neamhaird de agus ná fan chun a fháil amach an athróidh an t-iompar leis féin.
- Tabhair dúshlán do na smaointe – ní don duine.
- Mínigh nach bhfuil iompar nó freagraí áirithe cuí trí thagairt a dhéanamh do rialacha aontaithe an tseomra ranga; déan é seo ar bhealach a chiallaíonn nach dóchúil go stopfaidh na daltaí rannpháirteach san iompar idirdhealaitheach de bheith ag labhairt leis an múinteoir.
- Tabhair tacaíocht don dalta a raibh an t-iompar idirdhealaitheach dírithe air nó uirthi.
- Cuir ar chumas daltaí a mbíonn iompar idirdhealaitheach ar siúl acu, tuiscint a fháil ar conas a bhraithfidís dá dtarlódh idirdhealú comhchosúil dóibh.
- Cabhraigh le daltaí a fháil amach cén fáth nach raibh siad compordach leis an éagsúlacht. Mar shampla, faigh amach an bhfuil míthuiscint nó creideamh claonta acu a chúisigh a ngníomhartha, agus tabhair aghaidh ar na cúiseanna sin láithreach, agus más cuí, go leanúnach.

**(Oideachas Idirchultúrtha in Iar-Bhunscoileanna: lch 41)**

> **Tarlaíonn caidrimh agus idirghníomhaíochtaí sa seomra ranga laistigh de chreat rialacha aontaithe d'iompar seomra ranga.**

Maidir linne, na múinteoirí, ní mór dúinn athmhachnamh leanúnach a dhéanamh ar ár n-idirghníomhartha le daltaí agus ar aon leideanna míchuí a thugaimid. Mar shampla, an féidir linn ainmneacha neamhaithnide a fhoghrú nó focail chuí a aithint chun tagairt a dhéanamh do ghrúpaí eitneacha? Trí athmhachnamh a dhéanamh ar na focail a úsáidimid féin, is féidir linn cosc a chur ar tharchur neamhbheartaithe teachtaireachtaí míchuí.

## Conas is féidir liom tacú le forbairt teanga daltaí?

Is príomhchuid d'aitheantas dalta í an teanga, agus tá feidhm lárnach aici san fhoghlaim. Tá an ceart chun teanga phearsanta tábhachtach chun cur ar chumas daltaí íomhá dhearfach láidir díobh féin a fhorbairt. Toisc go bhfaigheann daoine, de ghnáth, go bhfuil sé níos éasca smaointeoireacht chasta a fhorbairt ina máthairtheanga, tá sé tábhachtach go dtuigtear luach mháthairtheanga an dalta, agus go ndeimhnítear an luach sin, sa seomra ranga agus i gcomhthéacs níos leithne na scoile. Tá sé tábhachtach freisin timpeallacht a chruthú a thugann tacaíocht d'fhoghlaim an dara teanga. Cuireann na treoirlínte in iúl go bhfuil sé tábhachtach máthairtheanga an dalta a aithint agus a dheimhniú. Is féidir é sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

- féadann an múinteoir agus daltaí focail agus nathanna cainte príomhúla (beannuithe, treoracha simplí, etc.) a fhoghlaim i máthairtheanga na ndaltaí
- ní mór dearcadh dearfach a chothú maidir le héagsúlacht teanga agus scileanna daltaí ilteangacha, ag aithint inniúlachtaí foghlaimeoirí an dara teanga in ionad iad a aithint go príomhúil mar dhaoine le 'riachtanais teanga' m.sh. tá Spáinnis líofa ag Maria agus tá sí ag cur feabhais ar a cuid Béarla gach lá
- acmhainní ilteangacha a sholáthar nuair is féidir
- raon leideanna agus tacaí a sholáthar chun cur ar chumas daltaí an teanga in úsáid a thuiscint – is féidir le geistir, bealaí cumarsáide neamhbhriathartha eile agus pictiúir cabhrú go mór le foghlaimeoir an dara teanga tuiscint a fháil ar céard atá á rá
- modhanna a mholadh ar féidir daltaí iad a úsáid chun cabhrú le baill eile an ranga agus tacú leo, mar shampla trí ráitis a athrá agus athleaganacha díobh a úsáid
- straitéisí samhaltaithe agus/nó rólghlactha a úsáid chun soiléiriú a lorg agus chun a chinntiú go dtuigeann an dalta céard atá á dhéanamh.

Féadann pobal an tseomra ranga a bheith mar acmhainn d'fhoghlaimeoirí an dara teanga. Tá sé ríthábhachtach go mbraitheann daltaí gur féidir leo labhairt agus botúin a dhéanamh gan eagla ná daoine ag magadh fúthu.

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le

- cur chuige na scoile iomláine i ndáil le hoideachas idir-chultúrtha
- acmhainní
- fáilte a chur roimh dhaltaí nua
- tacú le foghlaim dara teanga
- oideachas idirchultúrtha a chuimsiú i do phleanáil seomra ranga agus i do theagasc
- oibriú le hábhair eiseamláire

a fháil in *Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil: Treoirlínte do scoileanna.* Seachadadh cóip de na treoirlínte, le cois an dlúthdhiosca leis, chuig gach múinteoir i do scoilse le deireanas, agus is féidir iad a íoslódáil freisin ónár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie/publications.**

# An tsraith shóisearach

## An bhfuil ag éirí léi?

**Tá a fhios ag daoine a léigh eagráin info@ncca roimhe seo go bhfuil taighde thar ceann na CNCM á dhéanamh ag an Instititiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ar 900 dalta in 12 iar-bhunscoil, ó thosaigh siad sa chéad bhliain go dtí deireadh a gcuid oideachais iar-bhunscoile.**

Tugann an tionscadal uaillmhianach seo, an chéad tionscadal dá chineál in Éirinn, léargas uathúil dúinn ar thaithí grúpaí daltaí éagsúla ar scoil de réir mar a bhogann siad ar aghaidh tríd an gcóras oideachais.

Go dtí seo, tá dhá thuarascáil foilsithe ag an ESRI — *Moving Up*, tuarascáil faoi thorthaí na chéad bhliana agus *Pathways through Junior Cycle,* tuarascáil faoi thaighde an dara bliain. Is féidir achoimrí ar an dá thuarascáil sin a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM ar **www.ncca.ie/publications.**

Agus obair an tríú bliain tugtha chun críche anois, tá cloch mhíle thábhachtach bainte amach ag an tionscadal, rud a thugann deis dúinn seasamh siar, féachaint ar eispéiris daltaí sa tsraith shóisearach iomlán, agus smaoineamh faoi rudaí a d'fhéadfaimis a athrú faoin mbealach a 'eagraímid' an scoil chun a chinntiú go gcuirtear an t-oideachas is fearr is féidir ar fáil dár ndaltaí uile.

### Conas atá an tríú bliain?

Dúirt formhór na ndaltaí sna scoileanna cás-staidéir gur thaitin an scoil leo agus gur réitigh siad go maith le múinteoirí agus le chéile, ach ní raibh siad chomh dearfach faoin scoil agus a bhí sa chéad agus sa dara bliain.

Bhí sé go maith ar eolas ag daltaí an tríú bliain go raibh scrúduithe le déanamh, agus fuair siad go raibh an obair níos deacra agus gur chuir múinteoirí níos mó brú orthu sa rang. Bhí formhór na ndaltaí níos dáiríre faoi staidéar a dhéanamh agus chaith siad níos mó ama ar an obair bhaile dá bharr. Thug na taighdeoirí *'an grúpa gafa'* ar na daltaí sin, agus ba léir gur chailíní ó chúlraí gairmiúla i ranganna le hinniúlachtaí measctha nó i ranganna i sruth níos airde iad formhór na ndaltaí sin.

Dúirt roinnt grúpaí daltaí, áfach, go raibh an tríú bliain níos éasca, agus dúirt siad go raibh an méid céanna obair bhaile agus staidéir, nó níos lú fiú, á dhéanamh acu agus a rinne siad sa dara bliain! Buachaillí níos mó a bhí i gceist anseo, ó chúlraí lucht oibre agus sna sruthanna níos ísle i scoileanna sruthaithe. Thuairiscigh an grúpa daltaí seo leibhéil drochiompair níos airde agus luaigh siad gur 'thug múinteoirí amach' dóibh níos mó. Gan amhras, ba iad sin *'an grúpa neamhghafa'.*

### Cad a chabhraíonn le foghlaim daltaí?

Nuair a fhéachtar ar gach ceann de na trí bliana den taighde tá comhsheasmhacht ann i ndearcadh daltaí faoi conas is fearr a fhoghlaimíonn siad. Tarlaíonn sé nuair a mhíníonn múinteoirí rudaí go soiléir, nuair a dhéanann siad an fhoghlaim suimiúil agus taitneamhach, agus nuair a thuigtear uathu go bhfuil grá acu ar a n-ábhar.

Deir daltaí freisin go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil caidreamh dearfach acu leis an múinteoir, agus go moltar dóibh ceisteanna a chur sa rang, ach ní éiríonn le cóipeáil nótaí agus éisteacht leis an múinteoir ag léamh ón téacsleabhar.

### Tuairimí faoi ábhair sa tsraith shóisearach

Ba hiad na hábhair is suimiúla, de réir na ndaltaí, na hábhair ina raibh a lán gníomhaíochtaí praiticiúla cosúil le hadhmadóireacht, ealaín agus corpoideachas, agus ní raibh an mhatamaitic, Gaeilge agus teangacha chomh suimiúil sin. Cheap siad go raibh staidéar gnó, matamaitic, eacnamaíocht bhaile agus ríomhairí an-úsáideach, agus nach raibh Gaeilge, stair agus tíreolaíocht chomh húsáideach sin.

Gan amhras, an mhatamaitic a luadh mar an t-ábhar is deacra agus bhí líon suntasach ard daltaí ag fáil diancheachtanna sa mhatamaitic sa tríú bliain. Bhí an dearcadh faoin nGaeilge go hiomlán diúltach—le daltaí ag rá gur ábhar neamhshuimiúil, neamhúsáideach í agus go raibh sí ar cheann de na hábhair is deacra. Nuair a bhreathnaigh taighdeoirí ar an méid ama curtha ar leataobh do gach ábhar sa churaclam, tugadh faoi deara gur cuireadh an líon is lú ama ar leataobh do na hábhair a mbaineann daltaí sult astu!

### Conas a chuireann scoileanna a ndaltaí i ngrúpaí

Fuair taighdeoirí go raibh tionchar mór ag grúpáil daltaí ar a gcuid eispéiris sa tsraith shóisearach. Ní raibh eispéireas an-dearfach ag daltaí sna sruthanna níos ísle i scoileanna sruthaithe (d'úsáid 6 scoil as an 12 scoil cás-staidéir sruthú) sa tsraith shóisearach. Úsáideadh cineálacha teagaisc an-traidisiúnta leo agus bhí na ceachtanna ag luas an-mhall. Glacadh leis go ndéanfaidís scrúduithe Bonnleibhéil nó Gnáthleibhéil ina gcuid ábhar uile. D'éirigh i bhfad níos fearr le daltaí sna sruthanna lárnacha i scrúdú an Teastais Shóisearaigh, cé go raibh *an inniúlacht chéanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta* acu agus a bhí ag a gcairde sna sruthanna níos ísle! Bhí sé níos dóchúla gur buachaillí ó chúlraí lucht oibre a bheadh i ranganna na sruthanna níos ísle— an grúpa 'neamhghafa' arís.

An rud is suimiúla ná gur éirigh níos fearr le daltaí i ranganna d'inniúlacht mheasctha ná mar a d'éirigh le daoine leis an inniúlacht chéanna i sruthanna níos airde sna scoileanna sruthaithe. Bhí sé níos dóchúla go leanfaidís ar aghaidh le matamaitic, Gaeilge agus Béarla ardleibhéil sa tríú bliain, agus, ar an

meán, d'éirigh níos fearr leo i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh!

Mar sin, i gcás na scoileanna cás-staidéir, theip ar shruthú ó thaobh cabhrú le daltaí le hinniúlachtaí éagsúla an fhoghlaim is fearr a dhéanamh agus rath a bhaint amach.

## Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

An rud is uathúla faoin taighde ESRI ná go gcuireann sé ar ár gcumas féachaint ar an tionchar a bhíonn ag pointe tosaithe na ndaltaí, i.e. inniúlacht tosaigh léitheoireachta agus scríbhneoireachta, cúlra aicme, inscne agus na grúpaí ranga ina gcuirtear iad, ar conas a éiríonn leo sa Teastas Sóisearach (agus ina dhiaidh!).

Ní chuirfidh sé ionadh ort go ndearna daltaí ó chúlraí meánaicme, le 'caipiteal foghlama' níos mó, dul chun cinn níos mó agus gur éirigh níos fearr leo sa Teastas Sóisearach ná mar a d'éirigh le daltaí le hinniúlacht chomhchosúil ó chúlra lucht oibre, agus gur éirigh níos fearr le daltaí sna sruthanna níos airde ná mar a d'éirigh le daltaí sna sruthanna níos ísle. Díol iontais, áfach, ná gur éirigh níos fearr le daltaí i ranganna le hinniúlachtaí measctha ná mar a d'éirigh lena bpiaraí sna sruthanna níos airde.

Fuarthas gur éirigh níos fearr le cailíní an chás-staidéir i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh ná mar a d'éirigh le buachaillí. Ní aon ionadh é sin, d'fhéadfá a rá. Nach ndéanann cailíní níos mó staidéir, agus nach mbíonn siad níos 'aibí' ná buachaillí ag an aois seo? Mar sin féin, fuair an taighde amach nach raibh ach grúpaí buachaillí ar leith i gceist leis seo – den chuid is mó buachaillí lucht oibre i sruthanna níos ísle – agus ná déan dearmad nach rabhthas ag tnúth leis go ndéanfadh aon duine acu scrúdú ardleibhéil. Ní raibh siad in ann ach an leibhéal gnóthachtála a bhíothas ag súil leis a bhaint amach!

## An féidir le scoileanna difríocht a dhéanamh?

Gné shuntasach den taighde ná go léirítear go mbíonn tionchar mór ag an inniúlacht léitheoireachta agus matamaitice atá ag daltaí agus iad ag teacht isteach sa scoil ar an inniúlacht a bhíonn acu ag deireadh na sraithe sóisearaí.

Mar sin, ní mór dúinn an cheist a chur, *an féidir le hiar-bhunscoileanna aon difríocht a dhéanamh?* Chun é sin a fháil amach, d'fhéach taighdeoirí taobh thiar den staidreamh chun a fháil amach an raibh difríocht níos mó á dhéanamh ag scoileanna áirithe dá leagfaí ar pháirc imeartha chothrom iad. An freagra ná BHÍ—bhí tionchar níos dearfaí ag roinnt scoileanna ar ghnóthachtáil daltaí.

D'fhéadfadh airíonna na scoileanna sin treoir a thabhairt faoi conas is féidir an tsraith shóisearach a dhéanamh níos rathúla do dhaltaí. Is iad seo a leanas roinnt fachtóirí tábhachtacha: timpeallacht scoile a chur chun cinn a chothaíonn caidrimh dhearfacha sa seomra ranga agus lasmuigh de; modhanna teagaisc a fhorbairt a chabhraíonn le daltaí an fhoghlaim is fearr a dhéanamh, ag tabhairt airde ar leith ar conas a shocraíonn múinteoirí 'luas' ceachtanna; ag tabhairt deise do dhaltaí ábhair a bhfuil suim acu ann a dhéanamh, go háirithe ábhair bunaithe ar ghníomhaíochtaí; a bheith in ionchas go n-éireoidh go maith le daltaí, agus ag cur constaicí cosúil le sruthú, a d'fhéadfadh srian a chur le deiseanna gnóthactála daltaí, as an tslí.


## Céard atá le déanamh anois?

Tá an taighde ESRI ar siúl go leanúnach agus tá sonraí suimiúla tar éis teacht chun cinn cheana féin faoi na conairí roghnaithe ag na daltaí sna scoileanna cás-staidéir don tsraith shinsearach. Agus coinneoimid ar an eolas thú faoina ndul chun cinn!

Idir an dá linn, tá an tuairisc ESRI iomlán, *Gearing Up for the Exam?: The Experiences of Junior Certificate Students* foilsithe ag The Liffey Press (sonraí ó **www.theliffeypress.com**). Tá achoimre ar an tuarascáil le fáil ar: **www.ncca.ie/publications**



# Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí ar an ngréasán




> tá leathanach baile Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí mar bhealach isteach ar bhailiúchán leathanaigh ghréasáin agus cáipéisí a bhfuil mar aidhm acu tú a choinneáil ar an eolas faoi gach gné den athbhreithniú…

**Má theastaíonn uait níos mó a fháil amach faoi athbhreithniú na sraithe sinsearaí agus bheith coinnithe suas le dáta le forbairtí de réir mar a tharlaíonn siad, féach ar www.ncca.ie/seniorcycle.**

Mar is féidir a fheiceáil ón ngabháil scáileáin thuas, tá leathanach baile d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí mar bhealach isteach ar bhailiúchán leathanaigh ghréasáin agus cáipéisí a bhfuil mar aidhm acu tú a choinneáil ar an eolas faoi gach gné den athbhreithniú. Ní hamháin gur féidir leat léamh faoin athbhreithniú ar líne, ach beidh tú in ann na cáipéisí foilsithe uile a íoslódáil freisin.

Is féidir leat féachaint ar dhul chun cinn an athbhreithnithe agus léamh faoi conas agus cén fáth ar cuireadh tús leis. Déantar cur síos ar an obair tacaíochta ar an leathanach 'Stair an Athbhreithnithe' agus ar an leathanach 'Príomhréimsí gníomhaíochta in 2007'; is féidir leat tuairiscí faoi na comhchomhairlí uile a rinneadh a íoslódáil ann.

Is féidir leat tú féin a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí i ngach ceann de na hábhair atá á n-athbhreithniú le linn chéim a haon, agus faoi na hábhair agus na creatlacha curaclaim nua. Tá faisnéis ann freisin faoi conas príomhscileanna a leabú sa churaclam agus faoin measúnacht.

> Coinneoimid leathanaigh d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí cothrom le dáta leis an nuacht is deireanaí. Ar aghaidh leat mar sin ag cliceáil!

San eagrán deireanach de **info@ncca** bhí alt a rinne cur síos ar conas a oibríonn an CNCM le scoileanna chun impleachtaí praiticiúla athraithe a mheas agus a thástáil. Is féidir nuacht rialta faoin obair seo le scoileanna a íoslódáil i bhfoirm nuachtlitreacha ó leathanach an líonra scoileanna.

Má tá tuilleadh faisnéise faoi fhorbairt aonad idirthréimhseach ag teastáil uait, is féidir leat láithreoireachtaí PowerPoint agus aonaid idirthréimhseacha samplacha a íoslódáil.

Coinneoimid leathanaigh d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí cothrom le dáta leis an nuacht is deireanaí. Ar aghaidh leat mar sin ag cliceáil! Agus má tá ceist nó tuairim ar bith le roinnt agat, cliceáil ar an leathanach Teagmhála.